

Preasráiteas 22 Meán Fómhair, 2022

Seolann an tAire Foley Seachtain Tionscnaimh na Ríomheolaíochta 8-15 Deireadh Fómhair 2022

D'fhógair an tAire Oideachais Norma Foley TD inniu an chéad Seachtain Ríomheolaíochta in Éirinn a bheidh ar siúl ón 8-15 Deireadh Fómhair. Taispeánfaidh imeachtaí na seachtaine tairbhí spreagúla agus deiseanna ceannródaíochaa na hEolaíochta Ríomhaireachta do mhic léinn agus iad ag léiriú forbairtí suntasacha sna seomraí ranga timpeall na hÉireann.

Arna eagrú ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) le tacaíocht ón Roinn Oideachais, cuirfidh an t-imeacht deiseanna spreagúla, idirghníomhacha ar fáil do mhic léinn chun an t-ábhar a 'bhlaiseadh', agus cuirfidh sé eolas ar fáil do dhaltaí, do mhúinteoirí, do threoirchomhairleoirí agus do thuismitheoirí.

Tháinig an Ríomheolaíocht chun bheith ina ábhar sa tSraith Shinsearach i scoileanna in 2018 agus tá méadú ar an éileamh atá uirthi, agus rinne 1,604 mac léinn scrúdú Ríomheolaíocht na hArdeistiméireachta in 2022.

Dúirt an tAire Foley: "Is cuid thar a bheith tábhachtach í an Eolaíocht Ríomhaireachta dár dtairiscint do mhic léinn, ag cuidiú lena chinntiú go bhfuil na scileanna a theastaíonn uathu don saol nua-aimseartha acu.

"Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na pobail scoile a rinne ceannródaíocht ar an sáróbar seo, agus leis na comhpháirtithe tionscail a d'infheistigh a gcuid fuinnimh, saineolais agus díograise chun spreagadh a thabhairt, ní hamháin don chéad ghlúin eile de ríomheolaithe, ach do gach mac léinn a bheidh ar an gcúrsa, a rachaidh ar aghaidh chuig go leor disciplíní eile ina mbeidh eolas ar eolaíocht ríomhaireachta ina bhuntáiste mór.

"Tá lúcháir ar leith orm go seolfar córas nua cairde an tseachtain seo, a nascaidh múinteoirí agus scoileanna le 'cairde' ó thionscal, ó scoileanna eile agus ó ardoideachas agus breisoideachas. Beidh cairde in ann an córas ar líne a úsáid chun na cineálacha tacaíochta is féidir leo a thairiscint a chlárú, agus beidh sé seo ina acmhainn iontach dár múinteoirí."

Beidh comhdháil náisiúnta chun Seachtain na Ríomheolaíochta a chomórath ar siúl ar an 13 Deireadh Fómhair i mBaile Átha Luain, le ceardlanna mac léinn, taispeántais ón tionscal, chomh maith le taispeántais tionscadail ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Is í Lorraine Underwood, déantóir, údar agus comhpháirtí sinsearach múinteoireachta in Ollscoil Lancaster a thabharfaidh príomhóráid na comhdhála. Is é paisean Lorraine cruthaithe ríomhaireachta fisiceacha a dhéanamh chun a léiriú cé chomh cruthaitheach agus is féidir leis an Eolaíocht Ríomhaireachta a bheith. Tá an chomhdháil seo bunaithe ar imeacht CSforALL a d'óstáil an Dr Cornelia Connolly in Ollscoil na Gaillimhe in 2019 agus déanfar ceiliúradh ar an obair iontach atá á déanamh ag múinteoirí Ríomhaireachta agus daoine óga ar fud an chórais oideachais, ag roinnt samplaí iontacha ar fud na tíre de chomhoibriú

tionscail-oideachas agus ina bhfuil raon saineolaithe ag léiriú deiseanna i réimse na ríomheolaíochta.

Tá an t-imeacht oscailte do chách (tá líon na n-áiteanna teoranta) agus is féidir le páirtithe leasmhara clárú ó Eventbrite anseo: <https://www.eventbrite.com/e/computer-science-week-2022-national-conference-tickets-422908539827>

Áiríonn clár tionscnaimh Sheachtain na Ríomheolaíochta ceardlanna beo do scoileanna le seachadadh ag saineolaithe ábhar, agus seimneáir gréasáin dírithe ar thuismitheoirí, treoirchomhairleoirí, príomhoidí, mic léinn agus aon duine ar spéis leo tuilleadh eolais a fháil faoin ríomheolaíocht – na deiseanna a chruthaíonn sé agus na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna atá ag smaoineamh ar an ábhar iontach seo a thabhairt isteach mar chuid dá gcuraclam. Foilseofar tuilleadh eolais agus clár ama iomlán imeachtaí trí chuntas Twitter ríomheolaíocht an SFGM, **@PDSTcs** ag baint úsáide as an haischlib **#csweek**.

Ós rud é go dtiteann seachtain na hEolaíochta Ríomhaireachta ag an am céanna le Seachtain an Chóid AE, spreagtar eagraithe na n-imeachtaí a gcuid imeachtaí a chlárú ar shuíomh Gréasáin Sheachtain Chóid an AE, <https://codeweek.eu/>.

Buaicphointe na seachtaine a bheidh ann ná seoladh an chórais charad – tionscnamh praiticiúil de chuid na Roinne Oideachais atá deartha chun tacú le cultúr na hEolaíochta Ríomhaireachta i scoileanna – ag tógáil cumas agus muinín an mhúinteora chun curaclam Ríomheolaíochta na hArdeistiméireachta a thabhairt isteach. Nascfaidh córas ar líne múinteoirí agus scoileanna le ‘cairde’ tionscail agus le hoideachasóirí tríú leibhéal/breise a chuirfidh raon tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna.

Nótaí d'Eagarthóirí

I mí na Samhna 2020, d'fhógair an tAire Oideachais sonraí faoi chreat nua tionscail chun tacú le cur i bhfeidhm an ábhair nua san Eolaíocht Ríomhaireachta don Ardeistiméireacht. Tá an Creat á thabhairt isteach ag teacht le Ráiteas Beartais Oideachais ETIM 2017 – 2026.

Tá sé mar aidhm ag an gcreat tacaíochta seo móiminteam na nuálaíochta curaclaim le déanaí arna stiúradh ag an CNCM a chothú agus cur le pobal láidir gairmiúil múinteoirí Ríomheolaíochta amach anseo. Cuireann sé príomhghníomhartha i bhfeidhm chun glacadh leathan leis an ábhar a chur chun cinn agus díritear ar ghníomhartha chun tacú le rannpháirtíocht níos mó ban agus rannpháirtíocht níos mó i measc na mac léinn nach mbeadh an t-ábhar curtha san áireamh go traidisiúnta acu agus chun gairmbhealaí sofheicthe a chur chun cinn mar phrintíseachtaí agus Leibhéal 5, 6 chlár CNC sa Bhreisoideachas agus Oiliúint.

Tá an creat forbartha ag comhpháirtíocht tionscail agus na Roinne Oideachais, lena n-áirítear ionadaithe ó Chumann Ríomhairí san Oideachas na hÉireann (CESI), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), Cumann Ollscoile Éireann (COE), institiúidí ardoideachais, Teicneolaíocht Éireann/Ibec, SOLAS, An Comhlachas Ardoideachais Teicneolaíochta (CAT) agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ).

Córas Cairde le seoladh le linn Sheachtain na Ríomheolaíochta

Tionscnamh praiticiúil de chuid na Roinne Oideachais is ea an córas cairde atá deartha le gur féidir tacú le scoileanna agus le múinteoirí tuilleadh a fhoghlaim faoi ábhar na ríomheolaíochta trí chomhoibriú le gnó agus tionscal, institiúidí ardoideachais agus soláthraithe breisoideachais agus oiliúna. Is í an aidhm uileghabhálach ná cultúr na hEolaíochta Ríomhaireachta a thógáil i scoileanna – ag cur le cumas agus le muinín an mhúinteora chun curaclam Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach. Cuirfidh an córas cairde bealach ar fáil chun múinteoirí agus scoileanna a nascadh le 'cairde' ó thionscal, ó scoileanna agus ón ardoideachas/breisoideachas. Beidh cairde, a gceanglófar orthu cloí le polasaithe gach scoile aonair lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cosaint leanaí, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, RGCS srl., in ann an córas a úsáid chun na cineálacha tacaíochta is féidir leo a thairiscint a chlárú. Beidh na múinteoirí agus na scoileanna ar spéis leo tacaíocht bhreise a fháil in ann rogha a dhéanamh ó roghchlár tacaíochtaí chun freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Comhlánóidh agus forlíonfaidh an tionscnamh seo a bhfuil ag tarlú cheana féin i go leor scoileanna agus eagraíochtaí maighdeogacha atá páirteach cheana féin chun díriú ar scoileanna nach bhfuil ag baint leasa as tacaíocht ionchasach. Tá clár i bhfeidhm cheana féin ag go leor eagraíochtaí chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna agus tá sé beartaithe go bhféadfaí iad seo a chomhcheangal go héasca leis an gcóras cairde nua. Le himeacht ama, tá an poitéinseal ag an gcóras cairdeach a bheith ina phointe fócais d'eolas agus d'imeachtaí ardchaighdeán a bhaineann le hoideachasóirí ríomheolaíochta agus le mic léinn ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile in Éirinn.

CRÍOCH